**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

## SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# EALAÍN —

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 18 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 4.30

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat faoi **thrí cheist**. Ba chóir **ceist amháin** a roghnú as Rannóg I, **ceist amháin** a roghnú as Rannóg II agus **ceist amháin** a roghnú as Rannóg III.

(b) Is ionann na marcanna do gach ceist (50).

(c) Is gá **sceitsí agus léaráidí** a úsáid cibé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) **Déan tagairt do na léaráidí atá ar an mbileog faoi iamh de réir mar is gá.**

# RANNÓG I — AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Déan cur síos agus plé ar lámhdhéantúsáin na Cré-Umhaoise (c.900BC - c.200AD), **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh,** i dtaca le foirm, le feidhm, le maisiú agus leis na teicníochtaí miotalóireachta a úsáideadh ina dtáirgeadh. (Coire Caisleáin na Deirge, Sciath Loch Goir agus Trumpa Loch na Séad)

**2.** Chruthaigh teacht na Críostaíochta go hÉireann sa 5ú haois riachtanais nua ó thaobh lámhdhéantúsáin agus foirgintí de. Déan an ráiteas seo a phlé ag tagairt do lámhscríbhinní, do mhiotalóireachta, do shnoíodóireacht chloiche agus d'ailtireacht. Déan tagairt i do fhreagra don athúsáid a bhain na Críostaithe as stíleanna agus as samhlaoidí phágánach.

**3.** Déan cur síos agus plé ar thréithe fhoirgníochta agus mhaisiúcháin an ailtireacht agus an dealbhóireacht Ghotaigh Éireannaigh, déan tagairt id' fhreagra do dhá mhór shampla dóibh seo.

**4.** Déan cur síos agus plé go mion ar thréithe ailtireachta, foirgníochta agus maisiúcháin, foirgneamh le beirt ar bith de na hailtirí seo a leanas.

(i) Richard Castle (c.1690 - 1751)

(ii) Edward Lovett Pearce (c. 1699 - 1733)

(iii) William Chambers (1723 - 1796)

(iv) Thomas Ivory (c.1732 - 1796)

(v) Davis Ducart (a d'éag c.1784)

(vi) Francis Johnston (1760 - 1829)

(vii) James Gandon (1743 - 1823)

Nó is féidir leat de rogha ar sin, ailtire amháin ón liosta thuas agus ailtire ar bith eile a d'oibrigh in Éirinn idir c.1700 - c.1850 a roghnú.

**5.** Rinne saothair ealaíon Paul Henry (1876 - 1958) agus Seán Keating (1889 - 1978) idéaladh ar thírdhreach agus ar mhuintir na hÉireann. Déan an ráiteas seo a phlé agus mionthagairt á dhéanamh agat do mhór-shaothar amháin de chuid an bheirt ealaíontóir. Ba chóir duit gearr phlé a dhéanamh ar na tréithe stíleach atá le feiceáil in ealaín na beirte.

**6.** Bhí an-tionchar ag an Nua-aoiseachas ar ealaín Mhainie Jellett (1897 - 1944), a ghluais ó stíl dheilbheach go stíl theibí. Déan an ráiteas seo a phlé ag mionthagairt do dhá cheann dá cuid pictiúir.

**7.** Roghnaigh ceann de na healaíontóirí / dearthóirí seo a leanas: William Leech, Sir John Lavery, Evie Hone, 'AE' Russell, Harry Clarke, Eileen Gray, Norah McGuinness, Alice Maher nó Rowan Gillespie. Déan cur síos agus plé ar a c(h)uid ealaíne i dtaca leis na téamaí/samhlaoidí, meáin agus na hábhair ealaíne a úsáideadh.

# RANNÓG II — AN EALAÍN EORPACH (1000 AD go dtí inniu )

**8.** Déan cur síos agus plé go mion ar shaothair ealaíne Gislebertus (a ghníomhaigh c.1125-35). Déan tagairt do dhea-thréithe stíleach, scéalaíochta agus mothúchánach a shaothair ealaíne.

**9.** Déan cur síos agus plé ar phríomh-thréithe an stíl dhealbhóireachta <u>nó</u> péinteála Ghotach, ag déanamh mionthagairt do dhá shaothar ealaíne. Nó is féidir leat de rogha ar sin, cur síos agus plé a dhéanamh ar dhealbhóireacht amháin agus ar phéintéireacht amháin.

**10.** Déan cur síos agus plé ar shaothair ealaíne Ghiberti (1378-1455) ag tagairt do thréithe nua-nósacha agus mhothúchánacha a shaothair.

**11.** Déan cur síos agus plé ar na tréithe a bhaineann le stíl phéinteála Bhotticelli ag tagairt don tslí ina ndéileálann sé leis an bhfíor dhaonna. Is gá cíoradh a dhéanamh freisin ar an úsáid a bhaineann sé as dath agus as ceapachán i dtaca lena shaothar “Breith Véineas” agus le saothair ealaíne eile dá chuid. Déan breacthagairt id’ fhreagra do Dhaonnachas.

**12.** Déan mionscrúdú agus plé ar an bpictiúr a phéinteáil Michelangelo (1475-1564) ar shíleáil an tSéipéil Shistínigh, **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh.** Déan tagairt do na fíoracha dhaonna, d’úsáid datha agus do na seifteanna cheapadóireachta a úsáideadh leis an saothar iomlán a chomhaontú. Déan breacthagairt freisin do shaothair eile le Michealangelo.

**13.** Déan cur síos agus plé ar “Gáirdín na nAoibhneas Saolta” le Hieronymus Bosch (c.1450 - 1516). Déan comparáid agus codarsnacht idir é agus saothar ar bith, le ealaíontóir eile a tháinig ina dhiaidh, atá bunaithe ar ábhar samhlaíocht seachas ar ábhar réalaíoch, .

**14.** Cad í an bhrí ghinearálta atá leis an dtéarma ‘Nuachlasaiceachas’? Déan cur síos agus plé ar an stíl seo ag tagairt do shaothair ealaíne Jacques-Louis David (1748 - 1825) agus/nó péintéir nó dealbhadóir Nuachlasaiceach ar bith eile.

**15.** Déan cur síos agus plé, chomh mion agus is féidir leat, ar cheann acu seo a leanas:

(a) Péintéireacht nó saothar ghrafach ina bhfuil chiarascuro,

(b) péintéireacht de Londain nó de Pháras

(c) Baisteadh Chríost, An Sciúrsáil nó An Corónú le Deilgne

(d) grúpa neamh-bheo gur mionshonra nó cuid de shaothar fíorach níos mó é.

(e) saothar ealaíne le Piet Mondrian (1872 - 1944),

(f) saothar ailtireachta ón Renaissance nó ón Nua-aoiseachas,

(g) saothar ealaíne fís-scannánaíochta, saothar ealaíne insealbhaithe, saothar ealaíne talún nó dealbhóireacht mhór phoiblí .

Is gá duit a rá go soiléir cén fáth go measann tú gur dea-shampla dá chatagóir an saothar a roghnaigh tú. Is gá tagairt go soiléir do stíl agus do theicníocht an ealaíontóra nó an ailtire agus don úsáid a bhaineann sé/sí as ábhair agus as dath. Is cóir freisin breacthagairt a dhéanamh do shaothair ealaíne eile leis an ealaíontóir/ailtire. Bíodh do chuid tuiarimí pearsanta mar chuid den fhreagra.

**16.** Tá tionchar an ealaín Sheapánaigh agus an grianghrafadóireacht Seapánaigh le feiceáil i saothar ealaíne Degas (1834 - 1917). Déan an ráiteas seo a phlé ag déanamh mionthagairt do “L’Absinthe”, **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh.** Déan plé ar an gceapachán agus ar a tslí ina ndéileálann sé le fíoracha dhaonna. Déan tagairt freisin do shaothair ealaíne eile le Degas.



**THALL** ➡

**17.** Déan cur síos agus plé ar conas mar a thug Edouard Manet (1832 - 85) faoin bhfíor dhaonna nocht a phéinteáil ina phictiúr “Oilimpia”, **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh**. Plé freisin an úsáid a bhain sé as dath agus uigeacht sa phictiúr chéanna. Ansin déan breacthagairt do dhá phictiúr eile noicht a péinteáileadh i dtréimhsí eile i stair na healaíne.

**18.** Déan plé agus mionscrúdú ar na hábhair agus ar na meáin amhairc a d’úsáid Picasso (1881 - 1973) sa Tréimhse Ghorm, **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh**, le hainnise dhaonna a chur in iúl. Ansin, déan comparáid agus codarsnacht gonnta idir na saothair seo agus aon saothar eile le Picasso atá éagsúil go stíleach.

# RANNÓG III — LÉIRTHUISCINT

**19.** Tá an Spuaic chruach dhomheirgthe atá molta do Shráid Uí Chonaill mar chomóradh ar an Mílaoise **léirithe ar an mbileog faoi iamh.** Déan mionscrúdú agus plé ar ghnéithe amhairc agus dhealbhach an leacht molta. Déan cur síos ansin ar do chuid smaointe do leacht eile a d’fhéadfaí a chur ina áit agus luaigh go mion na cúiseanna a bheadh agat leis na cinnte dearaidh a dhéanfása.

**20.** Dá mbeadh grianghraf nó péintéireacht de thírdhreach á choimisiniú agat, cé acu a roghnófá? Luaigh go mion na cúiseanna a bheadh agat le do rogha, agus déan comparáid idir ghnéithe amhairc agus theicniúla an dá mheán. Luaigh samplaí de ghrianghrafanna nó de phéintéireachtaí a chuaigh i bhfeidhm ort leis an rogha sin a dhéanamh. Is féidir leis an tírdhreach a bheith cathrach nó tuathúil.

**21.** Cuireann fógraíocht teilifíse cuma mhealltach ar ghnáth rudaí. Déan an ráiteas seo a phlé i dtaca le fógraíocht chairr, déan mionthagairt do na gléasanna amhairc agus do na teicnící a úsáideann an déantóir scannánaíochta le carr ar ghnáth-chaighdeán a chomhcheangail le luise agus le galántacht.

**NÓ**

Déan cur síos agus plé ar an tslí inar chur scannán atá feicthe agat ceann acu seo a leanas in iúl

(a) mothú scleodair nó drámaíochta <u>nó</u>

(b) atmasféar drochthuarach gruama

agus úsáid á bhaint as na meáin <u>amhairc</u> agus na teicníochtaí atá ar fáil ag an déantóir scannán.

**22.** Is cóir go luífeadh troscán gáirdín go nádúrtha leis an timpeallacht. Agus an smaoineamh seo i’d cheann agat dear suíochán gáirdín nó binse a bheadh lonnaithe sa gháirdín dealbhóireachta, **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh.** Luaigh go mion na cúiseanna a bheadh agat le do smaointe dearaidh.

**23.** Déan cur síos agus plé ar an bpóstaer **atá léirithe ar an mbileaog faoi iamh** i dtaca leis an úsáid a baintear as samhlaoidí, as cumasc datha agus as litreoireacht. Déan an póstaer a mheas, á rá cé acu an éiríonn leis nó an dteipeann air agus luaigh go mion na cúiseanna a bheadh agat le do chuid tuairimí.

**24.** Déan cur síos agus plé ar mhaisiú na cistine, **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh**. Luaigh cén fáth go bhfuil éifeacht amhairc mar iomlán ag baint leis agus go bhfuil an t-iomlán ag teacht le chéile. Luaigh na hathraithe a dhéanfá agus cad a chuirfeá leis nó a bhainfeá de maidir le dath, earraí, lámhdhéantúsáin agus araile - chun cur le maisiú an tseomra mar atá. Abair go grinn cad iad na cúiseanna a bheadh agat leis na hathraithe a dhéanfá.

***LEATHANACH BAN***

***LEATHANACH BAN***